C/2026/5037

30.9.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12401 — SUN TRINITY / MHCCE / BRUC JAPAN / BRUC JAPAN 2)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5037)

1. An 21 Meán Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Sun Trinity LLC. ('Sun Trinity', an tSeapáin), atá faoi rialú Sumitomo Corporation (an tSeapáin),

— Mitsubishi HC Capital Energy Inc. ('MHCCE', an tSeapáin),atá faoi rialú Mitsubishi HC Capital Co., Ltd. (an tSeapáin),

— BRUC Japan KK ('BRUC Japan', an tSeapáin), atá faoi rialú deiridh OPSEU Pension Plant Trust Fund ('OPTrust', Ceanada) faoi láthair, agus

— BRUC Japan 2 KK ('BRUC Japan 2', an tSeapáin), atá faoi rialú deiridh OPTrust (Canada) faoi láthair.

Gheobhaidh Sun Trinity agus MHCCE rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar BRUC Japan agus BRUC Japan 2 ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Forbraíonn agus oibríonn Sun Trinity gléasraí grianchumhachta sa tSeapáin agus díolann siad leictreachas ginte le custaiméirí faoi Chomhaontuithe Ceannaigh Cumhachta,

— Is í speisialtóireacht MHCCE tionscadail fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt agus a oibriú, an ghrianchumhacht, an fuinneamh gaoithe agus córais stórála fuinnimh i gceallraí sa tSeapáin san áireamh,

— Tá sócmhainní fótavoltacha faoi úinéireacht Bruc Japan agus Bruc Japan 2 agus déanann siad iad a fhorbairt agus a oibriú sa tSeapáin agus tá siad gníomhach i dtáirgeadh agus i soláthar mórdhíola leictreachais gréine sa tSeapáin amháin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12401 — SUN TRINITY / MHCCE / BRUC JAPAN / BRUC JAPAN 2

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË